2025/1940

23.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1940 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1755 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1755 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/1755.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle ar Rialacháin (AE) 2015/1755, ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a bhaint de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. JENSEN

([1]) IO L 257, 2.10.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1755/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 (‘Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2’), scriostar an iontráil seo a leanas:

‘3. Mathias-Joseph NIYONZIMA’.